2025/48 10.1.2025

# CINNEADH (AE) 2025/48 ÓN gCOMHAIRLE

## an 28 Samhain 2024

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin a ionadú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile [1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2000/384/CE, CEGC ón gComhairle agus ón gCoimisiún [2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2000. Baineann Prótacal 4 le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin ('Prótacal 4').

(2) De bhun Airteagal 39 de Phrótacal 4, is féidir leis an gComhairle Comhlachais a bunaíodh faoi Airteagal 67 den Chomhaontú ('an Chomhairle Comhlachais') a chinneadh forálacha Phrótacal 4 a leasú.

(3) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aici nó trí mhalartú litreacha, tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a ghlacadh lena leasófar an Comhaontú trí Phrótacal 4 a ionadú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leis an gcinneadh ón gComhairle Comhlachais.

(5) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara [3] ('an Coinbhinsiún') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2013/94/AE ón gComhairle [4] agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún é Stát Iosrael ('Iosrael') freisin.

(6) Leis an gCoinbhinsiún, leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha sin.

(7) Le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún, foráiltear go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle Comhlachais cinneadh a ghlacadh lena dtugtar isteach tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún i bPrótacal 4, le go dtagrófar i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm.

(8) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/2198 [5], thacaigh an Chomhairle leis an leasú ar an gCoinbhinsiún lena bhforáiltear do thacar nua rialacha tionscnaimh nuachóirithe agus níos maolaithe ('na leasuithe ar an gCoinbhinsiún'). Tiocfaidh na leasuithe sin ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. Tá sé curtha in iúl ag an Aontas agus ag Iosrael go bhfuil siad toilteanach an tacar nua rialacha sin a chur i bhfeidhm go déthaobhach a luaithe is féidir, ar bhonn malartach i dteannta na rialacha atá ann faoi láthair agus iad ag feitheamh le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gCoinbhinsiún.

(9) Ag an gcruinniú teicniúil a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh tromlach na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún tacar malartach rialacha tionscnaimh bunaithe ar na leasuithe ar an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme ar bhonn idirthréimhseach, déthaobhach ('na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh'). Tá feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha i gcomhthráth le rialacha an Choinbhinsiúin, go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún.

(1) IO L 147, 21.6.2000, lch. 3.
(2) Cinneadh 2000/384/CE, CEGC ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2000 maidir le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile (IO L 147, 21.6.2000, lch. 1).
(3) IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.
(4) Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).
(5) Cinneadh (AE) 2019/2198 ón gComhairle an 25 Samhain 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar an gCoinbhinsiún (IO L 339, 30.12.2019, lch. 1).

(10) Le cur i bhfeidhm na rialacha idirthréimhseacha, áirithítear oiriúnú na sreafaí trádála agus na gcleachtas custaim go dtí go dtiocfaidh na leasuithe ar an gCoinbhinsiúin i bhfeidhm.

(11) Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tháinig roinnt prótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún ([6]) i bhfeidhm, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na rialacha idirthréimhseacha go dtí go dtiocfaidh na leasuithe ar an gCoinbhinsiúin i bhfeidhm.

(12) Go luath sa bhliain 2021, sheol an tAontas togra maidir leis na rialacha idirthréimhseacha chuig Iosrael. Ag an 11ú cruinniú den Fhochoiste um Chomhar Custaim agus Cánachas a tionóladh sa Bhruiséil an 12 Eanáir 2023, chuir Iosrael in iúl don Aontas go bhféadfadh na rialacha idirthréimhseacha a bheith inghlactha ar choinníoll go n-áirithítear córas 'tréscaoilteacht'. I bhfianaise an togra ó Iosrael, ní raibh togra tosaigh an Aontais ábhartha a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an seasamh atá le glacadh sa Chomhairle Comhlachais maidir le rialacha idirthréimhseacha.

(13) Is é is cuspóir do na rialacha idirthréimhseacha rialacha nach bhfuil chomh dian céanna a thabhairt isteach, chun é a dheanamh níos éasca earraí a cháiliú do stádas tionscnaimh fhabhraigh. Ós rud é nach bhfuil na rialacha idirthréimhseacha chomh dian céanna i gcoitinne leis na rialacha atá sa Choinbhinsiún, d'fhéadfaí earraí lena gcomhlíontar rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin a cháiliú mar earraí tionscnaimh faoi na rialacha idirthréimhseacha, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15 agus 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 17 go 24 den ainmníocht faoi leagan 2022 den Chóras Comhchuibhithe arna rialú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ([7]), arna leasú.

(14) Tá na rialacha idirthréimhseacha infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin, rud lena gcruthaítear dhá limistéar shainiúla carntha. Dá bhrí sin, ba cheart foráil maidir le cur i bhfeidhm ginearálta na tréscaoilteachta idir an Coinbhinsiún agus na rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a thabhairt isteach i bPrótacal 4.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhlachais a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin a ionadú, beidh sé bunaithe ar Dhréachtchinneadh na Comhairle Comhlachais atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY M.

([6]) An tAontas Eorpach, an Íoslainn, Cónaidhm na hEilvéise (lena n-áirítear Lichtinstéin), an Iorua, Oileáin Fharó, Stát Iosrael, Ríocht Haisimíteach na hIordáine, an Phalaistín (ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin), Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv (ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive), Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Seirbia, Montainéagró, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin.

([7]) IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.